# GAELSCOIL CHNOC na RÉ

**Baile Uí Dhúgáin (Ballydoogan) - Sligeach**

**Fón/Faics: 071-9174019** **Uimhir Rolla: 20044 I** **scoil@cnocnare.net**


## Nuachtlitir 25 Lúnasa 2015

**A thuismitheoirí, a chairde,**
**Tá súil againn go bhfuil sibh ag baint taitneamh as na laethanta saoire agus ag ullmhú don bhliain nua. Osclóidh an scoil arís ar an Mháirt,1 Meán Fómhair ag 8.50 r.n.**
Hopefully everyone is enjoying the holidays and getting ready to return to school. School reopens on **TUESDAY next, September 1st** at 8.50 a.m.

### CABHAIR AG TEASTÁIL/HELP REQUIRED

**Táimid ag lorg roinnt tuismitheoirí chun an taobh amuigh den scoil a ghlanadh roimh thús na scoilbhliana nua ar an Satharn roimh oscailt na scoile (29/8) ó 6-7.i.n. Ní neart go cur le chéile!**
We would appreciate it if a number of parents would be willing to lend a hand to a clean-up of the school grounds this Saturday August 29th from 6 - 7 p.m. Many hands make light work!

### OIFIG na SCOILE AR OSCAILT/SCHOOL OFFICE OPENING TIMES

**Cé nach mbeidh na páistí ag filleadh go dtí an Mháirt 1/9, beidh oifig na scoile ar oscailt mar atá sonraithe thíos chun íocaíochtaí a ghlacadh do na leabhair, don árachas pearsanta (foirm don árachas iniata) agus don síntúis scoile.**
The school office will be open the day before the children return to facilitate payment of school books, Personal Accident Insurance and the Voluntary School Contribution. and Insurance (a letter and form for Insurance included). Times of opening are: **Dé Luain 31-08 /Monday 31st August: 10 am – 2.00 pm. NB: ALL** school book money and Personal Pupil Insurance money is due on or before the first day of school ie. **Tuesday 1st September 2015.**

**Seo thíos costas na leabhair do gach rang**
The following is the cost of books for each class:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Naíonáin Shóisir/Junior Infants** | **€50** | **Naíonáin Shinsir/Senior Infants** | **€70** |
| **Rang 1** | **€80** | **Rang 2** | **€85** |
| **Rang 3** | **€80** | **Rang 4** | **€70** |
| **Rang 5** | **€60** | **Rang 6** | **€70** |

### AIRGEAD SCOILE/SCHOOL MONEY:

**Is gá go mbeadh aon airgead a chuirtear chun na scoile i gclúdach litreach le do thoil, lena sonraí scríofa air. Muna bhfuil póicíní buí agat, is féidir iad a cheannach ón scoil ar €3.50. Ní féidir linn glacadh le hairgead nach bhfuil i gclúdach.**
Any money sent to the school **MUST** be in an envelope, marked with your child's name, class and what the money is for. If you do not have a packet of yellow school money envelopes, please send in €3.50 and have your child take home a packet. Alternatively you can recycle any envelope. Money **cannot** be accepted unless in an envelope.

### N.B.!! - AILLÉIRGE CNÓ - NUT ALLERGY

**Féach an nóta tábhachtach iniata.**
Please read enclosed note carefully.

## MÚINTEOIRÍ / STAFF for 2015-2016

**Cuirimid fáilte roimh ár múinteoir nua, Liz Nic Searraigh a bheidh ag tosú linn i Meán Fómhair. Beidh Múinteoir Yvonne agus Herta ag filleadh orainn agus ag post-roinnt don bhliain. Beidh Múinteoir Bríd ar sos bliana. Ceapadh Jade agus Gráinne le dul i mbun Rang 4 agus Rang 5.**

We welcome our new teacher, Liz Nic Searraigh, who will start with us in September. Múinteoir Yvonne agus Herta will be returning and job-sharing. Múinteoir Bríd will be on a year's leave. Jade and Gráinne have been appointed to Rang 4 and Rang 5 respectively.

**Seo mar a bheidh na ranganna roinnte don scoilbhliain nua**

*Classes will be divided as follows for the new school year.*

- **Naíonáin Shóisir/Junior Infants 2** — Múinteoir Lynne
- **Naíonáin Shóisir/Junior Infants 1**
  **Naíonáin Shinsir/Senior Infants 1** — Múinteoir Katríona
- **Naíonáin Shinsir/Senior Infants 2** — Múinteoir Liz
- **Rang 1** — Múinteoir Máire
- **Rang 2** — Múinteoir Fiona
- **Rang 3** — Múinteoir Aengus
- **Rang 4** — Múinteoir Jade
- **Rang 5** — Múinteoir Gráinne
- **Rang 6** — Múinteoir Samantha
- **Tac.Foghlama/Learning Support 1** — Múinteoir Dara
- **Tac.Foghlama/Learning Support 2** — Múinteoir Yvonne/ Múinteoir Herta
- **Príomhoide** — Múinteoir Mícheál

## CORP OIDEACHAIS/P.E.

**Beidh Corp Oideachais ar siúl ar an gCéadaoin agus ar an Aoine. Is ar na laethanta seo amháin a bheidh an culaith reatha ceadaithe.**

P.E will take place on Wednesday and Friday each week. These are the **only** days that the tracksuit should be worn.

## NAÍONÁIN SHÓISIR/JUNIOR INFANTS

**Rachaidh na Naíonáin Shóisir abhaile ag 12.00 gach lá ar feadh tamaillín ag tús na bliana: 1/9 - 11/9/2015, agus ag 1.30 ó sin ar aghaidh.**

Junior Infants will finish at 12.00 each day for the first weeks: 1/9 – 11/9/2015, and thereafter at 1.30pm.

## CÚNTÓIR RANGA

**Beidh seirbhís feidhlíochta ar fáil ó 1.30 do pháistí a úsáideann an seirbhís bus ag 2.30. Más maith leat an seirbhís seo a úsáid cuir scéal chugainn – seolfar sonraí chucu siúd a léiríonn suim. Tá costas beag le níoc le seo a fháil**

An After Care Service will be provided **from 1.30pm** for children in infant classes travelling home on the bus service at 2.30pm. If you wish to avail of the "Cúntóir Ranga" service, please let Muireann or Mícheál know as soon as possible. There will be a weekly charge for this service as last year, and a letter with more details will be sent to parents who express an interest.

## SCOIL NUA

**Ár mbuíochas le gach duine a bhí i dteagmháil le ionadaithe náisiúnta go dtí seo inár bhfeachtas stocaireachta chun a chinntiú go gcuirfear Gaelscoil Chnoc na Ré ar an gcéad liosta tógála scoile eile. Táimid buíoch freisin dóibh siúd a sheol cóipeanna freagraí a fuarthas chugainn Tuigimid ó na freagraí sin go bhfuil an liosta le foilsiú i Meán Fómhair. Míle buíochas as ucht bhur dtacaíocht leanúnach.**

Our thanks to all those who have contacted the national representatives to date in the lobbying campaign to ensure the inclusion of Gaelscoil Chnoc na Ré in the next major school building project list. Thanks also to those of you who have forwarded copies of replies received to the school. We understand from replies received that this list is due to be published in September. Many thanks for your continued support.

# **N.B.!!**
# **Ailléirge Cnó - Nut Allergy**

**Tá páistí óga sna Naíonáin Shóisir agus Shinsir atá ailéirgeach le cnónna le bagairt frithghníomh ailléirgeach géar. Ós rud é gur féidir le seo bheith baolach don bheatha, iarraimid bhur gcabhair an riosca a íoslaghdú dona páistí trí:**

- **(i) gan cnónna a bheith ag do pháiste don lón,**
- **(ii) gan Nutella (leathadh seacláide déanta le cnónna coill) ná im piseanna talún a úsaid,**
- **(iii) gan sneaiceanna / barraí ina bhfuil cnónna nó a lipéadaítear " rianta cnó"  a bheith i lónta scoile, agus**
- **(iv) gan lón a roinnt.**

**Toisc déine na faidhbe, tá sé tábhachtach go gcuirfidh gach tuismitheoir i gcrích na bearta molta agus an baol frithghníomhú ailléirgeach a laghdú dona páistí seo.**

**Tá polasaí lóin sláintiúil i bhfeidhm i nGaelscoil Chnoc na Ré agus ar an gcúis sin iarraimid oraibh gan milseáin, criospaí, deochanna súilíneacha, borróga, muifíní, císte, iógairt seacláide ná barraí arbhair a thabhairt don lón ach oiread.**

**Gabhaimid buíochas leat as bhur gcomhoibriú.**

It has come to our attention that some children in **Naíonáin Shóisir and Shinsir** have a severe allergic reaction to peanuts/nuts. This allergic reaction (anaphylactic shock) can occur through ingestion of peanut/nut products, cross contamination and breathing peanuts in the air. Since this condition can be life threatening, we are asking for your help in minimising the risk to these children by:

a) Avoiding giving children peanuts in school lunches
b) Avoiding giving peanut butter sandwiches, as well as other spreads containing nuts such as Nutella
c) Avoiding giving snacks/bars containing nuts or labelled “may contain nut traces” in school lunches
d) Asking children **not** to share their lunches.

Due to the severity of the problem, it is important that all parents carry out the suggested measures and reduce the risk of allergic reaction to these children.

We have a healthy eating policy in Gaelscoil Chnoc na Ré and for that reason we ask that sweets, crisps, fizzy drinks, buns, muffins, slices of cake, chocolate yogurts or cereal bars NOT be given for lunch.

We thank you for your co-operation.

**N.B. TABHAIR FAOI DEARA / PLEASE NOTE:**

**Páistí ag fágáil na scoile/Children leaving school premises during school day**

**Ar mhaithe le hÁrachas, is gá go ndéanfar aon pháiste a bhíonn bailithe i rith uaireanta scoile a shíniú amach. Tá an leabar chuige seo ar fáil san oifig. Ní féidir aon eisceacht a dhéanamh. Ní gá iad a shíniú isteach arís ná i gcás páiste atá déanach is leor nóta ná glaoch gutháin. Freisin, tá sé fíor-thábhactach go mbíonn sonraí teagmhála tuistí againn do gach pháiste sa scoil. Má tá aon chuid athraithe le déanaí, cuir Muireann san oifig ar an eolas faoi láithreach, le bhur dtoil.**

For Insurance reasons, any child collected from school within school hours **MUST** be signed out. A book for this purpose is held in the office. No exceptions please. There is no necessity to sign the child back in to school if they are returning from an appointment or if they are coming in late. A note/phone call to explain delay is sufficient. Also, it is imperative that the school has a contact number of a parent/guardian for each child, which is accessible at all times. **If you have changed/updated any of your contact details recently, please let Muireann in the school office know immediately, thank you.**

**AN CARRCHLÓS/SCHOOL CAR PARK**

**Ar mhaithe le Sábháilteacht agus riaradh an carrchlóis, bheimis buíoch ach go dtabharfadh tuismitheoirí aird ar na nithe seo a leanas:**

To ensure safety at all times in the car-park, we would ask parents to pay careful attention to the following points.

1. **Is córas aon-bhealach atá ann – casann tú ar chlé nuair a thagann tú isteach an geata.**
   A one-way system is in operation. Turn left when you come in the gate.
2. **Ná stop in aon áit seachas spás pairceála chun do pháistí a scaoileadh amach; tá stopadh ag an mballa beag ag cur bac ar thrácht agus ar na busanna.**
   It is not safe to stop anywhere other than in a parking space to let your child(ren) out of the car. Also, stopping at the small wall in front of the school causes a backlog of traffic and prevents buses getting through. Please be considerate of other drivers.
3. **Tráthnóna: fág na spásanna taobh leis an gcosán saor dona busanna.**
   Afternoons – please leave car spaces beside the footpath free for buses. This is very important for the safety of the children boarding buses.
4. **Chomh fada agus is féidir, ba choir do pháistí/tuistí an cosán a úsáid.**
   As far as is possible, please make use of the footpath.
5. **Chabhródh sé le plódú ar maidin agus tráthnóna dá mbeadh daoine sásta síobanna a roinnt!**
   It would be extremely helpful to prevent congestion if "car-pooling" could be arranged among families who live close to one another.

***Generally, we urge you to please drive with care and to come in the school gates at a slow speed. Also, you must follow the road around to the left to avoid accidents. Thank you.***

# ÁRACHAS TIONÓISCE PEARSANTA DO DHALTAÍ
# PUPIL PERSONAL ACCIDENT INSURANCE

**Iniata tá foirm maidir le ÁRACHAS TIONÓISCE PEARSANTA DO DHALTAÍ, scéim atá roghnach daoibh. Ta achoimre den scéim le fáil ar an bhfoirm ach tá tuilleadh sonraí ar http://www.allianz.ie/Other_Products/Schools/Pupil-Personal-Accident/**

**Tá dá rogha ann, mar atá mínithe ar an bhfoirm iniata:**
***Gníomhachtaí Scoile Amháin (€6) nó ar bhonn 24 Uair (€9)***

**Is féidir leis an scoil lascaine de 30% ar an gcostas seo a fháil tríd an t-iarratas a dhéanamh ar-líne – má theastaíonn uait an lascaine seo a fháil (níl cead againn é a choinneáil go uathoibritheach) cuir chugainn an táille laghadaithe (€4.20 nó €6.30) – má tá tú sásta go mbeadh an scoil in ann é a choinneaíl le cur le hairgead na scoile cuir chugainn an táille iomlán, le do thoil (€6 nó €9).**

**I ngach cás, cuir chugainn an fhoirm iniata líonta chugainn leis an dtáille faoin 1 Meán Fómhair.**

Enclosed find a form regarding PUPIL PERSONAL ACCIDENT INSURANCE, a scheme which is entirely optional. The scheme is summarised on the form and further information is available at http://www.allianz.ie/Other_Products/Schools/Pupil-Personal-Accident/

There are two options, as outlined in the form attached:
*School Activities Only (€6 per child) or 24 Hour Basis (€9 per child)*

The school has the option of receiving a 30% discount for submitting the request online; if you wish to avail of this discount (we cannot automatically keep it) send in the reduced fee (€4.20 or €6.30) – if you are happy for the school to keep the discount towards school funds, please send in the full fee (€6 or €9).

Please send the fee along with the enclosed form, filled in, by September 1st.

Míle buíochas!

# GAELSCOIL CHNOC na RÉ

**Baile Uí Dhúgáin (Ballydoogan) - Sligeach**

**Fón/Faics: 071-9174019** **Uimhir Rolla: 20044 I** **scoil@cnocnare.net**


# AN BORD BAINISTÍOCHTA/BOARD of MANAGEMENT

## Re: School Financing and Operation/Maoiniú agus Feidhmiú na Scoile

**Mar is eol daoibh, bíonn maoiniú do scoileanna mar dheacracht i gcónaí agus níl aon eisceacht ann i dtaobh Gaelscoil Chnoc na Ré, ach go háirithe le deontais na Roinne laghdaithe go mór le déanaí.** I mbliana, teastaíonn ón mBord Bainistíochta an gannchion airgid i dtaca le costais oibriúcháin na scoile a láimhseáil le ranníocaíocht dheonach. Leanfaidh tuismitheoirí Cairde leo ag eagrú gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid a bheidh dírithe ar fhorbairt na scoile ar bhonn leanúnach. Tá rátaí na ranníocaíochta socraithe againn mar a bhí ann anuraidh, se sin:

| | |
|---|---|
| **Teaghlach le páiste amháin** | **€70** |
| **Teaghlach le beirt pháiste** | **€100** |
| **Teaghlach le triúr páistí ar a laghad** | **€110** |

Cé gur féidir an t-airgead a íoc ón lá a fhaigheann tú an litir seo, tá fhios againn go bhfuil brú airgid ar dhaoine, mar sin iarrfar ort an t-airgead a íoc ina dhá chuid, is é sin €35, €50 nó €55 ag brath ar an méid páistí ón teaghlach atá ag freastal ar an scoil. Beidh an dá chuid le híoc faoin 30ú Meán Fómhair 2015 agus 1ú Feabhra 2016. Beimid ag brath ar lántacaíocht uaibhse chun ár sprioc-ioncam a bhaint amach.

Shocraíomar na rátaí ag leibhéal chomh híseal agus ab fhéidir i ngeall ar an staid eacnamaíoch faoi láthair. Níl a bhac ort ranníocaíocht níos airde a íoc más acmhainn duit agus bheimis an-bhuíoch díot as ucht do fhlaithiúlachta agus do thiomantais don scoil. **Mura bhfuil ar do chumas an méid thuasluaite a íoc áfach, mholfaimis duit dul chun cainte le Micheál. Is eadraibh amháin a bheidh an comhrá agus coinneofar faoi rún é. Ar mhaithe le cothramaíocht, ta sé i gceist ag an mBord meabhráin a eisiúint más gá i gcásanna nach bhfuil teagmháil déanta le Mícheál mar atá leagtha amach thuas.**

---

**As you are well aware, funding for schools is an annual issue and Gaelscoil Chnoc na Ré is no exception. Department of Education & Skills grant aid has reduced considerably in recent years**.This year the Board of Management again seeks to raise the shortfall in school operating costs by way of the **voluntary contribution.** Cairde fund raising will be dedicated to the continued development of the school. We aim to raise an amount of **€9,000** and have decided that voluntary contribution rates for the current year will be retained at last year's levels ie

| | |
|---|---|
| **Family with one child only** | **€70** |
| **Family with two children** | **€100** |
| **Family with three or more children** | **€110** |

While payment may be made from the date of this letter, we are extremely conscious that there are many costs facing each of us we will seek payment in two moieties in equal amounts of €35, €50 or €55 depending on the number of children from your family attending the school. The final dates for payment of each moiety are 30th September 2015 and 1st February 2016. Achieving our target income will require your full support**.**

We have kept the rates as low as possible, conscious of the current economic conditions. If you are in a position to contribute at a higher rate we would encourage you to do so and will be greatly appreciative of your generosity and commitment to the school. **Equally however if your circumstances are such that making a contribution in the amount stated above, is a burden you cannot now meet, please talk to Mícheál. Such discussions will be entirely between you and him and will remain totally confidential to you both. To ensure equity to all parents/guardians it is the Board's intention to issue reminders where payment is not made and where no communication as described above is made to and agreed with Michéal.**